

Pinsean Stáit

Méadú ar aois inphinsin agus scor den Pinsean Stáit (Aistriú)

Méadú ar aois inphinsin

Chinn an Rialtas gur cheart an Pinsean Stáit (Aistriú) a scor sa bhliain 2014 ar mhaithe le hinbhuaine an chórais pinsean feasta. Ciallóidh sé sin méadú ar an aois inphinsin go 66 bliain, agus méadú eile go 67 bliain sa bhliain 2021 agus go 68 bliain sa bhliain 2028, i gcás gach Pinsean Stáit.

Faoi mar a aontaíodh faoin Meabhrán Tuisceana leis an AE agus an IMF, foráladh do na hathruithe sin san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2011.

Scor den Pinsean Stáit (Aistriú)

Déanfaidh an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2011 an Pinsean Stáit (Aistriú) a scor d'éilítheoirí nua le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. Déanfaidh an t-athrú sin an aois don Pinsean Stáit a chaighdeánú ag 66 bliain do gach iarratasóir.

Méaduithe eile ar aois inphinsin

Foráiltear san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2011, leis, do mhéadú ar an aois cháilitheach don Pinsean Stáit ó 66 bliain go 67 bliain ón 1 Eanáir 2021, agus do mhéadú eile go 68 bliain ón 1 Eanáir 2028.

Cur chuige 'Ranníocaíochtaí Iomlána' i leith an Phinsin Stáit (Ranníocach) á thabhairt isteach sa bhliain 2020.

Tá cinnte ag an Rialtas go ngabhfáidh 'cur chuige ranníocaíochtaí iomlána' áit an chórais reatha meánaithe maidir le cáiliú do phinsean ón mbliain 2020 ar aghaidh. Beidh an leibhéal pinsin a íocfar ar aon dul le líon na ranníocaíochtaí árachais shóisialta a íocadh le linn shaol oibre an iarratasóra.

Tabharfar isteach ranníocaíochtaí 30 bliain mar riachtanas iomlán ranníocaíochtaí don uasráta pinsin. Faoin gcur chuige nua, beidh íosráta den Pinsean Stáit (Ranníocach) iníoctha ag aon tríú (10/30ú) den uasráta. Carnfaidh oibrithe 1/30dú de phinsean in aghaidh gach bliain ranníocaíochtaí suas go huasmhéid de 30/30dú. Ní cheadófar níos mó ná 520 creidiúint a chur san áireamh chun críocha pinsin (.i. 10 mbliana), ón uair a thabharfar isteach an cur chuige ranníocaíochtaí iomlána.

Gheofar eolas breise ó Ionad Eolais do Shaoránaigh, agus ar www.welfare.ie

Ceisteanna Coitianta

C. Cad é an chéad athrú ar an aois inphinsin?

F. Ón 1 Eanáir 2014 méadófar an aois don Phinsean Stáit go 66 bliain d'aois. Scoirfear den Phinsean Stáit (Aistriú), a íoctar i láthair na huaire le daoine idir 65 agus 66 bliain d'aois.

C. Taobh amuigh den athrú sa bhliain 2014, cé na hathruithe eile a dhéanfar ar an aois don Phinsean Stáit?

F. Ón 1 Eanáir 2021 méadófar an aois don Phinsean Stáit go 67 bliain d'aois.

F. Ón 1 Eanáir 2028 méadófar an aois don Phinsean Stáit go 68 bliain d'aois.

C. Cé na daoine a ndéanfaidh na hathruithe ar an aois don Phinsean Stáit difear dóibh?

F. Má rugadh tú idir 1 Eanáir 1949 agus 31 Nollaig 1954 (agus an dá dháta sin san áireamh), ní cháileoidh tú don Phinsean Stáit go dtí go mbeidh tú 66 bliain d'aois ar a laghad.

F. Má rugadh tú idir 1 Eanáir 1955 agus 31 Nollaig 1960 (agus an dá dháta sin san áireamh), ní cháileoidh tú don Phinsean Stáit go dtí go mbeidh tú 67 bliain d'aois ar a laghad.

Má saolaíodh tú an 1 Eanáir 1961 nó dá éis, ní cháileoidh tú don Phinsean Stáit go dtí go mbeidh tú 68 bliain d'aois ar a laghad.

C. Beidh mé ag dul ar scor ón obair an 1 Eanáir 2014 ag aois 65. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar Phinsean Stáit (Aistriú)?

F. Is féidir, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an bPinsean Stáit (Aistriú) 3 mhí roimh do 65ú breithlá. Leanfaidh an Pinsean Stáit (Aistriú) de bheith iníoctha (ach na coinníollacha cáilitheachta a bheith comhlíonta) le duine ar bith a shlánóidh 65 bliain roimh an 1 Eanáir 2014.

C. Beidh mé ag dul ar scor ón obair tar éis an 1 Eanáir 2014 ag aois 65. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar Phinsean Stáit (Aistriú)?

A. Ní féidir, toisc nach mbeidh an Pinsean Stáit (Aistriú), a íoctar i láthair na huaire idir aois 65 go 66, á íoc ón 1 Eanáir 2014.